An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Micreamhodúl Idirbhliana
## Foghlaim ó Thaithí Oibre

CNCM
Samhain 2024

# An Idirbhliain


Is clár roghnach bliana í an Idirbhliain (IB) atá ar fáil do gach iar-bhunscoil agus a bhíonn ar tairiscint mar chuid d'eispéireas na sraithe sinsearaí. Le linn na sraithe sinsearaí, forbraíonn an scoláire braistint níos láidre ar a fhéiniúlacht agus é ag foghlaim in éineacht lena chomhscoláirí, le múinteoirí agus le daoine fásta eile, agus ag foghlaim uathu. Le linn na sraithe sinsearaí, cuirtear oideachas ar an duine iomlán. Ba cheart go gcuirfeadh eispéiris an scoláire le linn na sraithe sinsearaí lena fhorbairt intleachtach, shóisialta agus phearsanta mar aon lena fholláine ar bhonn ginearálta. Le linn na hIdirbhliana, seans go bhforbródh an scoláire caidrimh níos aibí le múinteoirí agus le daoine fásta eile agus é ag éirí níos gníomhaí i dtaca lena thaithí oideachais féin a cheapadh, agus i dtaca le cur leis an tsochaí é féin.

Cuireann cláir Idirbhliana deis ar leith ar fáil sa tsraith shinsearach inar féidir le scoileanna agus pobail a bheith ag obair i gcomhpháirt chun daoine óga a spreagadh le rathúlacht a bhaint amach anois agus amach anseo. Soláthraíonn an Idirbhliain am, spás agus neamhspleáchas chun eispéiris foghlama thaitneamhacha bhríocha a chruthú lena dtacaítear leis an scoláire sa tsraith shinsearach agus, san am céanna, lena n-éascaítear a rannpháirteachas le réimse níos leithne de chonairí agus d'fhéidearthachtaí. Réitíonn sí daoine óga le tacaíochtaí agus le heispéiris d'fhonn acmhainneacht bhreisithe a fhorbairt chun freagairt don éiginnteacht, chun an chastacht a láimhseáil agus chun athrú dearfach eiticiúil a spreagadh sa tsochaí.

# Príomhinniúlachtaí na sraithe sinsearaí

Is scáth-théarma é príomhinniúlachtaí lena dtagraítear don eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta a fhorbraíonn an scoláire le linn na sraithe sinsearaí, rudaí a chabhraíonn leis a bheith ina fhoghlaimeoir níos treallúsaí, feabhsaithe agus níos inniúla.

Tá tuilleadh faisnéise faoi phríomhinniúlachtaí na sraithe sinsearaí ar **ncca.ie**.




**Fíor 1:** Príomhinniúlachtaí sa tSraith Shinsearach a dtacaíonn litearthachtaí


# Gnéithe Scoláire den Idirbhliain

Déantar cur síos leis na Gnéithe Scoláire ar na bealaí inar féidir leis an scoláire forbairt a dhéanamh san Idirbhliain agus na heispéiris a d'fhéadfadh tacú leis an bhforbairt sin. Is iad seo a leanas na ceithre Ghné Scoláire:

- Fás Pearsanta
- A bheith i d'Fhoghlaimeoir
- Rannpháirtíocht Shibhialta agus Phobail
- Taighde Gairme.

Tá na ceithre Ghné Scoláire ceaptha le bheith cónasctha sa dóigh gurb amhlaidh, le chéile, go mbíonn trasnú ann idir iad agus gach ceann de na seacht bpríomhinniúlacht atá sa tsraith shinsearach. Cuimsíonn gach ceann de na Gnéithe Scoláire tacar táscairí forbartha agus eispéireas scoláire bainteach.

**Is féidir tuilleadh sonraí a fháil i Ráiteas Chlár na hIdirbhliana.** (l.11-15)




**Fíor 2:** Achoimre ar Ráiteas Chlár na hIdirbhliana

Liostaítear i dTábla 1 na táscairí forbartha is dóchúla a dtacófar leo trí rannpháirtíocht agus rannpháirteachas an scoláire sa mhicreamhodúl seo.

**Tábla 1** Gnéithe Scoláire a dtacaíonn an micreamhodúl leo.

| Gné Scoláire | Táscairí Forbartha is ábhartha don mhicreamhodúl |
|---|---|
| **Fás Pearsanta** | • Éirí níos cinnte agus níos muiníní ina thaobh féin mar dhuine.<br>• Spriocanna a shocrú don fhorbairt agus don ghnóthachtáil phearsanta agus athbhreithniú a dhéanamh orthu.<br>• A bheith ag tosú a bhreathnú ar dhúshláin mar dheiseanna breise le haghaidh fáis |
| **A bheith i d'Fhoghlaimeoir** | • A shuimeanna pearsanta féin a fhiosrú.<br>• A bheith níos toilteanaí foghlaim ó bhotúin agus a chrios compoird a leathnú. |
| **Rannpháirtíocht Shibhialta agus Phobail** | • A bheith ag obair ar bhonn níos comhoibríche le daoine eile agus mar chuid d'fhoirne.<br>• Castacht agus éiginnteacht a aithint agus a bheith ag plé leo. |
| **Taighde Gairme** | • A chuid eolais agus iompraíochtaí san ionad oibre a fheabhsú trí thaithí phraiticiúil.<br>• Níos mó feasachta a bheith aige ar shaol na hoibre agus na fiontraíochta.<br>• Spriocanna gairm-bhainteacha a shainaithint agus a athbhreithniú ar bhonn níos rialta.<br>• A bheith níos eolasaí i dtaobh na gceangal idir an t-oideachas agus conairí gairme. |

# Réasúnaíocht

Is tréimhse ríthábhachtach i bhforbairt an scoláire í an Idirbhliain. Is bliain í ina bhfásann sé aníos ón tsraith shóisearach ina dhuine fásta óg sa tsraith shinsearach. Is tréimhse í ina n-éiríonn sé níos dírithe ar an todhchaí. Cabhraíonn an Idirbhliain leis smaoineamh faoina thodhchaí ó thaobh gairme nó roghanna coláiste de, ar bhealach stiúrtha, struchtúrtha.

Tá níos mó roghanna gairme, deiseanna agus conairí ná mar a bhí riamh i saol na linne seo a bhíonn ag athrú go tapa. Toisc go bhfuil an oiread sin conairí agus deiseanna éagsúla ann, tá sé tábhachtach go mbeadh an scoláire ar an eolas fúthu agus go mothaíonn sé go bhfuil smacht aige ar a chinntí agus ar a straitéisí cinnteoireachta féin. Tugann taithí oibre fíorthaithí foghlama don scoláire, ar féidir léi léargas a thabhairt dó ar an gcineál oibre agus ar na timpeallachtaí oibre a d'fheilfeadh dá spéiseanna, dá inniúlachtaí agus dá phearsantacht.

Ceapadh an micreamhodúl seo mar acmhainn struchtúrtha don scoláire agus don mhúinteoir a chabhróidh leis an scoláire dul i ngleic leis an bpróiseas roimh na socrúcháin, lena linn, agus ina ndiaidh. Is féidir leis an scoláire aithne níos fearr a chur air féin trí mhachnamh a dhéanamh ar a spéiseanna, a inniúlachtaí agus a phearsantacht féin agus a bheith i suíomh níos fearr chun cinntí a dhéanamh a mbeidh tionchar dearfach acu ar a thodhchaí.

Spreagtar é le linn na sraithe sinsearaí nuair a dhéanann sé machnamh ar a thodhchaí agus nuair a leagan sé spriocanna síos dó féin, de réir mar a éiríonn sé níos cinntí faoin treo a rachaidh sé amach anseo agus céard ar mhaith leis a bhaint amach.

# Aidhm

Is féidir le foghlaim ó Thaithí Oibre:

1. leathnófar dearcadh an scoláire ar dhomhan na hoibre mar gheall ar an machnamh a dhéanfaidh sé ar an taithí oibre
2. forbrófar tuiscint an scoláire air féin mar gheall ar an machnamh a dhéanfaidh sé ar a spéiseanna, a inniúlachtaí, a phearsantacht agus a scileanna féin
3. réiteofar an bealach don scoláire chun taighde a dhéanamh agus deiseanna oibre a aimsiú
4. cuirfear an scoláire ar an eolas maidir le próiseas na hearcaíochta agus forbrófar a scileanna praiticiúla cuardaigh post.

# An t-am a thugtar

Ceapadh an micreamhodúl seo le haghaidh 10 n-uair an chloig de theagasc agus foghlaim. Is féidir breithiúnas gairmiúil a úsáid chun líon na n-uaireanta a chur in oiriúint chun nádúr na rannpháirtíochta scoláire a chur san áireamh ionas go gcuimseofar leis an micreamhodúl idir am teagmhála ranga agus foghlaim fhéintreoraithe neamhspleách.

# Torthaí Foghlama

Ceapadh na torthaí foghlama thíos chun teagasc agus foghlaim a chur chun cinn a fhorbraíonn eolas, scileanna, luachanna agus meonta an scoláire de réir a chéile, rud a chuireann ar a chumas a phríomhinniúlachtaí a chur i bhfeidhm ar chásanna difriúla de réir mar a théann sé chun cinn. Sa cholún ar dheis, tá torthaí foghlama a dhéanann cur síos ar an eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta ba cheart a bheith ar chumas an scoláire i ndiaidh tréimhse foghlama. Sa cholún ar chlé, déantar cur síos ar réimsí ar leith faoina bhfoghlaimíonn an scoláire. I dteannta a chéile, cuirfidh siad seo soiléireacht agus comhleanúnachas leis na codanna eile den tsonraíocht ar fáil.

Tá uimhir le gach toradh foghlama chun tacú le pleanáil an mhúinteora. Ní sheasann sé d'ordlathas tábhachta ar bith sna torthaí iad féin.

**Tábla 2** Torthaí Foghlama

| Foghlaimíonn an scoláire faoi | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| **Spéiseanna gairme**<br>• Eolas a fháil faoi ghairmeacha agus faoi mhargadh an tsaothair | **1.** Réimsí/earnálacha gairme a mbeadh spéis ag an scoláire iontu a shainaithint agus é féin a mheaitseáil le róil ar leith laistigh d'earnálacha. |
| **Cuspóir**<br>• Cúiseanna agus Buntáistí na Taithí Oibre | **2.** Tuiscint a fháil ar chuspóir na taithí oibre agus cad is féidir a fhoghlaim uaithi. |
| **Próiseas**<br>• Taighde, Iarratas agus Riarachán, lena n-áirítear CVanna, próifílí ar líne, ríomhphoist, glaonna teileafóin. | **3.** Socrúchán oibre a fheileann dá spéiseanna a eagrú, chomh maith agus is féidir |
| **Ullmhúchán**<br>• A bheith in am, uaireanta oibre, cé dó atáthar freagrach, socrúcháin lóin, gnás feistis. | **4.** Socruithe riachtanacha an tsocrúcháin a fháil amach. |
| **Rannpháirtíocht**<br>• Foghlaim ó threoracha, treoir agus oiliúint<br>• Scileanna tasc-bhunaithe agus idirphearsanta a fhorbairt<br>• Luachanna an ionaid oibre a bheith ar eolas aige | **5.** Cur síos a dhéanamh ar conas a chuirfeadh sé leis an ionad oibre ar bhealaí fiúntacha, dearfacha |
| **Forbairt**<br>• Táscairí forbartha ar tugadh aghaidh orthu le linn na taithí | **6.** Cásanna a shainaithint, agus cur síos a dhéanamh orthu, ina ndeachaigh sé i ngleic le dúshláin, inar réitigh sé fadhbanna nó ina ndearna sé rud éigin as a stuaim féin |
| **Ag smaoineamh faoin ngairm**<br>• An tionchar a bhí ag a thaithí phraiticiúil féin ar an saol air | **7.** Machnamh a dhéanamh ar cad atá foghlamtha aige faoi féin agus faoin saol oibre |
| **Cleachtas Machnamhach**<br>• A thaithí a chur i láthair an ranga, an méid a d'fhoghlaim sé ina measc. | **8.** Cur i láthair gairid a thabhairt don rang maidir lena shocrúchán oibre agus cad a d'fhoghlaim sé. |

# Teagasc le haghaidh fhoghlaim an scoláire

Bíonn cur chuige dinimiciúil ag teastáil i dteagasc le haghaidh fhoghlaim an scoláire ina dtugtar tús áite do rannpháirtíocht, taiscéalaíocht, agus forbairt an scoláire. Sainaithnítear sa Ghné Churaclaim le haghaidh Teagaisc agus Measúnú cleachtas gairmiúil coiteann agus cleachtas an tseomra ranga atá in ann tacú le foghlaim agus forbairt an scoláire. Go sonrach, ba cheart do chuir chuige i leith an teagaisc san Idirbhliain an scoláire a fhorbairt mar fhoghlaimeoir agus é a spreagadh chun freagracht a ghlacadh as a fhoghlaim féin. Beidh tionchar mór ag aidhmeanna agus ag torthaí foghlama an mhicreamhodúil ar rogha na n oideolaíochtaí teagaisc.

Tugtar gníomhaíochtaí i dTábla 3 a d'fhéadfaí a úsáid chun tacú leis an scoláire chun na torthaí foghlama a bhaint amach. Is féidir na gníomhaíochtaí a chur in oiriúint agus níl siad saintreorach ná uileghabhálach.

**Tábla 3** An chaoi a dtacaíonn an micreamhodúl leis na torthaí foghlama.

| Torthaí Foghlama | Gníomhaíochtaí molta |
|---|---|
| **Cuspóir, Próiseas, Ullmhúchán, Rannpháirtíocht, Forbairt**<br><br>**TF 2–6** | • Gníomhaíocht cosúil le Smaoinigh, Péireáil, Roinnt, chun comhaontú ranga a fhorbairt maidir le cuspóir na taithí oibre agus na spriocanna féideartha don Taighde Gairme agus don Fhás Pearsanta go háirithe.<br>• Rólghlacadh agus cásanna don chumarsáid le fostóirí nuair a bhíonn iarratas á dhéanamh ar shocrúcháin agus nuair a bhíonn socrúcháin á n-eagrú<br>• Dul i dteagmháil le fostóirí chun socrúchán oibre a iarraidh agus a fháil<br>• Iarracht a dhéanamh níos mó teagmhála a dhéanamh le daoine nua, glacadh le freagrachtaí a tugadh dó, agus tabhairt faoi thascanna nach raibh déanta aige roimhe seo.<br>• Taifead a dhéanamh ar a thaithí agus machnamh a dhéanamh uirthi ina dhialann nó i bpunann Idirbhliana nó a leithéid<br>• A bheith ag plé le machnamh treoraithe roimh an taithí, lena linn, agus ina diaidh chun spriocanna pearsanta a leagan síos ar fud na nGnéithe Scoláire a bhaineann le hábhar agus chun a fhorbairt phearsanta agus a ghnóthachtáil le linn an tsocrúcháin a thomhas.<br>• Rangú nó ransú smaointe stiúrtha, mar shampla le diamant 9 nó mata boird, chun sraith luachanna agus meonta roinnte a chruthú, a bhfuil gá leo chun a bheith ag obair go dearfach ar a shocrúchán.<br>• Cur i láthair aonair nó i ngrúpaí den mhéid a bhfuiltear ag súil leis ón socrúchán, agus de na freagrachtaí riachtanacha dó, d'fhonn íomhá chomhoibríoch de smaointeoireacht roinnte an ranga a dhearadh.<br>• Taifead agus machnamh a dhéanamh ar dhá nó trí chás ina phunann Idirbhliana, a tháinig aníos le linn an tsocrúcháin agus a chuir le forbairt an scoláire, le tagairt do na táscairí forbartha laistigh de na Gnéithe Scoláire.<br>• Taithí phraiticiúil a fháil ar an timpeallacht oibre, iarracht a dhéanamh caidrimh a chruthú san ionad oibre, agus léargas ginearálta a fháil ar réimse na hoibre a dhéantar ann. |
| **Spéiseanna Gairme agus smaointeoireacht, Cleachtas Machnamhach**<br><br>**TF 1,7,8** | • An tsraith luachanna agus meonta roinnte a úsáid mar chanbhás chun critíc a dhéanamh ar conas a chuirfeadh sé feabhas uirthi i ndiaidh a thaithí oibre. Sraith luachanna agus meonta athbhreithnithe a chruthú<br>• Ar bhonn leanúnach, taifead a dhéanamh ar shonraí agus ar mhachnamh ar an socrúchán, ina phunann Idirbhliana, agus/nó ina dhialann má úsáidtear í.<br>• Taighde a dhéanamh ar ghairmeacha a fheileann dá spéiseanna, dá inniúlachtaí agus dá phearsantacht, agus conairí a fhiosrú chuig gairmeacha féideartha, ag baint úsáid as roinnt de na naisc i gcuid na n-acmhainní<br>• Liosta leanúnach de spéiseanna gairme a chruthú, le tacaíocht más féidir ó aoichainteoirí nó ó thurais allamuigh a bhaineann le gairmeacha<br>• A mhachnamh a chur i láthair an ranga agus a uaslódáil/a thaifeadadh ina phunann Idirbhliana. Is féidir an cur i láthair a dhéanamh ar bhealaí difriúla, mar shampla, ó bhéal, mar thaispeántas gearr sleamhnán nó i spás comhoibríoch roinnte ar líne, ach ní mór a bheith ar aon intinn maidir leis na critéir ratha. |

# Measúnú

Baineann measúnú sa tsraith shinsearach le faisnéis faoi phróisis agus faoi thorthaí foghlama a bhailiú, a léirmhíniú, a úsáid agus a thuairisciú. Tá foirmeacha éagsúla measúnaithe ann agus úsáidtear é ar chúiseanna difriúla. Tacaíonn an measúnú leis an bhfoghlaim agus feabhsaíonn sé í trí chabhrú leis an scoláire agus leis an múinteoir na chéad chéimeanna eile sa phróiseas teagaisc agus foghlama a shainaithint.

Chomh maith le straitéisí éagsúla teagaisc, tacóidh straitéisí éagsúla measúnaithe le foghlaim an scoláire agus soláthróidh siad faisnéis don mhúinteoir agus don scoláire atá inúsáidte mar aiseolas, sa chaoi is gur féidir gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama a chur in oiriúint do riachtanais an fhoghlaimeora aonair. De thoradh tascanna atá cuí agus mealltach a leagan síos, ceisteanna a chur agus aiseolas a thabhairt a chuireann neamhspleáchas an fhoghlaimeora chun cinn, tacóidh an measúnú leis an bhfoghlaim agus leis an dul chun cinn, chomh maith le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt phríomhinniúlachtaí an scoláire agus coimriú a thabhairt ar an ngnóthachtáil.

## Modhanna Measúnaithe

Is iad na modhanna measúnaithe atá liostaithe thíos is gaire a ailíníonn le haidhmeanna, le réasúnaíocht agus le torthaí foghlama an mhicreamhodúil agus leis an gcuid Teagasc agus Measúnú de Ráiteas Chlár na hIdirbhliana freisin.

### Rannpháirtíocht an scoláire sa phróiseas ar an iomlán

Cé chomh páirteach agus a bhí an scoláire i ngach gné den mhodúl: spriocanna a bhaint amach, eolas a thabhairt do Chomhordaitheoir na hIdirbhliana maidir leis an socrúchán, taifead a dhéanamh ar shonraí an tsocrúcháin trí, mar shampla, comhoibriú ar líne, rannán na taithí oibre ar *careersportal*, nó a leithéid

**Leibhéal rannpháirtíochta chun socrúchán oibre a fháil** laistigh den tréimhse ama a socraíodh

### Obair riaracháin

Cur i gcrích agus cur isteach na hoibre riaracháin riachtanaí maidir leis an socrúchán, mar shampla, CV agus litir chumhdaigh a chur le chéile, litir dhearbhaithe agus faisnéis d'fhostóirí, grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána más gá, agus riachtanais riaracháin dá leithéid sin.

### A bheith ullamh don taithí oibre

Tuiscint an scoláire ar chuspóir agus ar bhuntáistí na taithí oibre, leis an eolas riachtanach faoina shocrúchán, é a chur isteach ar spás roinnte, mar shampla rannán taithí oibre *careersportal* nó a leithéid.

### Tuairisc an Fhostóra

Aiseolas ó thuairisc an fhostóra maidir le rannpháirtíocht agus forbairt an scoláire le linn an tsocrúcháin oibre.

### Machnamh a dhéanamh ar Chásanna

Caighdeáin an mhachnaimh agus cé mhéad dó atá déanta, mar chuid den phunann Idirbhliana.

### Machnamh Pearsanta

Féinmhachnamh criticiúil ar a thaithí ina phunann nó ina dhialann.

### Cur i láthair Ranga

Caighdeán chur i láthair an scoláire, i dtaca leis na critéir ratha.

## Na gnéithe cáilíochta

Is ráitis iad gnéithe cáilíochta a thacaíonn leis an múinteoir agus/nó an scoláire breithiúnas a dhéanamh faoi cháilíocht shaothar an scoláire, chun gnóthachtáil a bhronnadh. Is iad na gnéithe cáilíochta thíos na critéir a úsáidfear le measúnú a dhéanamh ar fhoghlaim agus ar ghnóthachtáil an scoláire ag ceann de na trí leibhéal i rith an mhicreamhodúil. Is iad seo a leanas na trí leibhéal sin: Gradam, Tuillteanas, Gnóthaithe.


**Tábla 4** Na Gnéithe cáilíochta

| Critéir | Gradam | Tuillteanas | Gnóthaithe |
|---|---|---|---|
| **Spéiseanna gairme** | Chuir an scoláire liosta spéiseanna gairme le chéile agus rinne sé mionstaidéar ar réimse conairí spéise. | Chuir an scoláire liosta spéiseanna gairme le chéile agus rinne sé mionstaidéar ar roinnt gairmeacha spéise. | Chuir an scoláire liosta spéiseanna gairme de shórt éigin le chéile agus shainaithin sé slite beatha spéise. |
| **Cuspóir** | Míníonn an scoláire go leor de chúiseanna na taithí oibre agus na buntáistí a bhaineann léi. | Tugann an scoláire achoimre ar go leor de chúiseanna na taithí oibre agus na buntáistí a bhaineann léi. | Tugann an scoláire roinnt de chúiseanna na taithí oibre agus roinnt buntáistí a bhaineann léi. |
| **Próiseas** | Cuireann an scoláire fianaise ar thaighde ar fáil agus tá liosta mionsonraithe cruthaithe aige de phoist fheiliúnacha ar féidir cur isteach orthu, le sonraí teagmhála san áireamh. | Cuireann an scoláire roinnt fianaise ar thaighde ar fáil agus tá liosta cruthaithe aige d'eagraíochtaí feiliúnacha ar féidir cur isteach orthu, le roinnt eolais fúthu san áireamh. | Cuireann an scoláire fianaise theoranta ar thaighde ar fáil agus tá liosta cruthaithe aige d'eagraíochtaí feiliúnacha ar féidir cur isteach orthu, agus is dócha go mbeadh cúnamh ag teastáil uaidh. |
| **Ullmhúchán** | Tá tuiscint cuimsitheach ag an scoláire ar conas dul i ngleic le tascanna riaracháin agus leis an bpróiseas iarratais | Tá roinnt tuisceana ag an scoláire ar conas dul i ngleic le tascanna riaracháin agus leis an bpróiseas iarratais | Tá tuiscint theoranta ag an scoláire ar conas dul i ngleic le tascanna riaracháin agus leis an bpróiseas iarratais |
| **Rannpháirtíocht** | Faigheann an scoláire tuairisc iontach i ngach réimse ón bhfostóir. | Faigheann an scoláire tuairisc mhaith ón bhfostóir, i bhformhór na réimsí. | Faigheann an scoláire tuairisc ón bhfostóir, gan mórán fianaise ar rannpháirtíocht cheart. |
| **Forbairt** | Cuireann an scoláire fianaise ar fáil ina dhialann ar ardleibhéal foghlama i dtaca le gach gné den ionad oibre, agus na táscairí forbartha bainteacha. | Cuireann an scoláire fianaise ar fáil ina dhialann ar leibhéal foghlama measartha i dtaca le roinnt gnéithe den ionad oibre, agus roinnt de na táscairí forbartha. | Ní thugann an scoláire fianaise ar bith nó beagán fianaise ar fhoghlaim san ionad oibre, agus is beag fianaise a léiríonn sé ar fhorbairt i dtaobh na dtáscairí mar thoradh ar an socrúchán. |
| **Ag smaoineamh faoin ngairm** | Léiríonn an scoláire ardleibhéal machnaimh, agus is léir gur thug an taithí léargas dó ar ghairm bheatha amach anseo. | Tá roinnt fianaise tugtha ag an scoláire go ndearna sé machnamh agus gur thug an taithí léargas dó ar ghairm bheatha amach anseo. | Tugann sé cuntas faoin méid a d'fhoghlaim sé faoin ionad oibre agus faoi féin ina dhialann, gan mórán machnaimh nó smaoinimh faoin ngairm. |
| **Cleachtas Machnamhach** | Chuir an scoláire a thaithí i láthair ar bhealach cuimsitheach a léiríonn dul chun cinn in go leor táscairí forbartha ábhartha. | Chuir an scoláire a thaithí i láthair ar bhealach sásúil a léiríonn roinnt dul chun cinn i roinnt de na táscairí forbartha ábhartha. | Chuir an scoláire a thaithí i láthair nach léiríonn ach dul chun cinn teoranta sna táscairí forbartha ábhartha |

# Tuairisciú

Déantar cur síos i Ráiteas Chlár na hIdirbhliana (l.23-25) ar thrí ghné an tuairiscithe i gcláir Idirbhliana:

- An phunann Idirbhliana
- Machnamh an scoláire
- Tuairisciú scoile.




**Fíor 3:** Trí ghné an tuairiscithe san Idirbhliain.

D'fhéadfadh rannóga a bheith sa Phunann Idirbhliana a léiríonn taithí éagsúil an scoláire ar an gclár Idirbhliana agus an dul chun cinn a rinne an scoláire sna Gnéithe Scoláire. D'fhéadfadh sampla amháin den taithí seo a bheith don Mhicreamhodúl seo maidir le Taithí Oibre.

D'fhéadfadh tuairisciú a bheith sa chéad chuid, mar aon le machnamh ar an méid a d'fhoghlaim sé ó na codanna sin den mhicreamhodúil a dhéantar roimh an taithí oibre agus **sula** gcuirtear tús leis an taithí oibre.

Is féidir le dialann taithí oibre an scoláire nó machnamh ar chásanna do gach socrúchán a bheith ina bhealach maith chun taifead agus tuairisciú a dhéanamh ar an méid a fhoghlaimíonn sé **le linn** an tsocrúcháin oibre.

D'fhéadfadh a mhachnamh **i ndiaidh** an tsocrúcháin oibre a bheith sa tríú cuid, an chuid dheireanach. D'fhéadfadh roinnt nó gach rud a chuir sé i láthair an ranga a bheith ann, agus is féidir leis an agallamh sa bhliain dheireanach deis a chur ar fáil dó seo freisin.

### Tuairisciú Scoile

Is faoin scoil atá sé an córas a úsáidfear don mheasúnú agus don tuairisciú san Idirbhliain ar an iomlán a roghnú. D'fhéadfadh córas creidiúintí, córas grádaithe agus/nó aiseolas foirmitheach i dtuairiscí a bheith i gceist. Mar shampla, is féidir na gnéithe cáilíochta thuasluaite a chur in oiriúint do líon leibhéil tuairisceora na scoile nó má úsáideann an scoil córas bunaithe ar chreidmheas, is féidir iad a aistriú go creidiúintí is mó a léiríonn gnóthachtáil an scoláire.

# Meastóireacht

Is Gné Churaclaim é Machnamh agus Athnuachan ina bpléitear leis an tábhacht a bhaineann le meastóireacht leanúnach ar chlár na hIdirbhliana agus ar chomhpháirteanna an chláir. Is é cuspóir na meastóireachta ar an micreamhodúl a fháil amach, ó dhearcadh an scoláire agus an mhúinteora, ar éirigh go maith leis an modúl agus cén chaoi ar féidir feabhas a chur air amach anseo.

D'fhéadfaí an mheastóireacht ar an micreamhodúl seo a dhéanamh trí mheascán d'aiseolas ó bhéal, meastóireacht ar líne, meastóireacht bunaithe ar aiseolas an mhúinteora mar chuid den mheastóireacht ar chlár na hIdirbhliana, nó trí úsáid a bhaint as modhanna eile a d'fhéadfadh a bheith feiliúnach don scoil.

# Acmhainní

Acmhainní don socrúchán oibre agus acmhainní a bhaineann le gairm

1. **www.careersportal.ie**
2. **www.apprenticeship.ie**
3. **físeán gearr Theastas Ginearálta an Mheánoideachais (GCSE) maidir le hullmhú don taithí oibre**

Uirlisí láidreachtaí

1. **https://high5test.com/**
2. **https://careersportal.ie/careerplanning/interests.php**
3. **https://www.truity.com/**

Acmhainní Curaclaim agus Teagaisc

1. **Creat don Treoir Scoile Uile**
2. **https://ncca.ie/ga/an-tsraith-shinsearach**
3. **https://ncca.ie/ga/an-tsraith-shoisearach/measunu-agus-tuairisciu/diriu-ar-an-bhfoghlaim/**
4. **Micreamhodúil CNCM agus micreamhodúil ó ghníomhaireachtaí seachtracha**

Níl sé i gceist go mbeadh na hacmhainní ar líne eisiach ná uileghabhálach, agus moltar do mhúinteoirí leas a bhaint as an mbanc acmhainní seo agus é a athrú agus cur leis dá gcleachtas féin.

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment